

# AN CISTE RIALTAIS ÁITIÚIL

## CUNTAS 2015





# An Ciste Rialtais Áitiúil

## Cuntas 2015

## An Clár Ábhar

## Leathanach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	1-2
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	3-5
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas	6
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	7
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	8
Nótaí leis na Cuntais	9-17
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	18

## **Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil 2015**

### **Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

#### **Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú. Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'óibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aithint go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

Is é seo a leanas an seasamh i ndáil leis an timpeallacht um rialú airgeadais, le creat na nósanna imeachta riaracháin, agus le tuairiscithe agus iniúchadh inmheánach a bhainistiú:

#### **An Timpeallacht um Rialú Airgeadais**

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- bunaíodh socruithe maidir le tuairisciú ar gach leibhéal arna shannadh freagracht maidir le bainistíocht airgeadais;
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaitheach cuí a áirithiú;
- tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

#### **Rialuithe Rialacháin agus Tuairisciú Bainistíochta**

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:


- tá córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air;
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis;
- oibrítear córas um bainistiú riosca sa Roinn;
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.

## Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil 2015 Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)


### Iniúchadh Inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chúí, a oibríonn de réir cairt cheadaithe i scríbhinn. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta curtha ar bun chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

Síniú

  
John McCarthy  
Ard-Rúnaí

Dáta



## Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil 2015 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

### 1. Bunús na gCuntas

Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil (an Ciste) leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1998 le héifeacht ón 1 Eanáir 1999 i leith. Íoctar fáltais ó mhótarcháin (lúide aisíocaíochtaí) agus ón muirear teaghlaigh a bailíodh anuas go dtí an 30 Meitheamh 2013 (feic Nóta 3) isteach sa Chiste. Déanann an tAire Airgeadais suim chomhionann leis an gCáin Mhaoine Áitiúil (lena n-áirítear aon ús arna íoc uirthi sin) arna híoc isteach sa Phríomh-Chiste i rith na bliana a íoc isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil de réir Alt 157 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012.

Dhá chuntas bainc agus cuntas infheistíochta atá sa Chiste atá á mbainistiú agus á rialú ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Déanann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil<sup>1</sup> an Ciste a bhainistiú agus déantar na costais riaracháin a ghabhann leis a ghearradh ar Vóta 34.

Ullmhaíodh na cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 i bhfoirm agus ar mhodh atá faofa ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn fabhráithe de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

<sup>1</sup> Athainmníodh an Roinn mar an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil an 23 Iúil 2016 faoi I.R. Uimh. 394 de 2016.

### 2. Beartas Maoinithe

Déantar an Ciste a mhaoiniú trí fháltais arna lóisteáil i gcuntas bainc na bhfáltas (cuntas uimhir 1) ag na húdaráis áitiúla, ag an Aire Airgeadais agus ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Déantar an t-iarmhéid sa chuntas bainc sin a aistriú chuig an gcuntas infheistíochta go huathoibríoch ar bhonn laethúil. Déantar na suimeanna iníochta ón gCiste a íoc ó chuntas bainc na suimeanna iníochta (cuntas uimhir 2). Déantar na cistí a aistriú go cuntas bainc na suimeanna iníochta ón gcuntas infheistíochta sula ndéantar na híocaíochtaí leis na híocaithe ábhartha.

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

### 3. Ioncam

Aithnítear ioncam chuig an gciste mar seo a leanas:

- léiríonn ioncam ar mhótarcháin suimeanna a bhailíonn na hÚdaráis Mhótarchánach agus atá dlite don Chiste, faoi réir Alt 5(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 1998;
- léiríonn ioncam ón Muirear Teaghlaigh an tsuim a bhailigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil i rith na bliana de réir Alt 17 den Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2011, agus atá iníoctha leis an gciste faoi Alt 5(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú le hAlt 17 den Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2011;
- Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ): gach bliain airgeadais, ag tosú in 2014, íocfaidh an tAire Airgeadais isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil méid a bheidh comhionann leis an gcáin mhaoine áitiúil (lena n-áireofar ús ar bith a íocfar uirthi sin) arna híoc isteach sa Phríomh-Chiste an bhliain sin;
- aithnítear fáltais ó infheistíochtaí ar bhonn fabhraithe;
- aithnítear maoiniú státchiste ó Vóta 34, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar bhonn fáltais airgid.

### 4. Caiteachas

Déantar caiteachas ón gCiste de réir alt 6 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, agus leasuithe ina dhiaidh sin ar an Acht sin mar a léirítear thíos:

- caiteachas atá ceadaithe ag an Aire;
- leithdháiltí a mheastar a bheith dlite d'údaráis áitiúla sa bhliain 2015;
- forchúitimh atá dlite don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (an tAcht Rialtais Áitiúil [Feidhmeanna Bóithre], 2007, agus an tAcht Comhshaoil [Forálacha Ilghnéitheacha] 2011);



## **Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)**

- forchúiteamh caiteachais ar scéimeanna ceadaithe maidir le Grúpscéimeanna Uisce;
- íocaíochtaí leis an Státchiste (an tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015);
- íocaíochtaí le hUisce Éireann agus forchúiteamh iasachtaí caipitiúla a rinneadh chuig na húdaráis áitiúla le haghaidh seirbhísí uisce (an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014).


## An Ciste Rialtais Áitiúil

### Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

		<u>2015</u>	<u>2014</u>
<u>Ioncam</u>	Nótaí	€	€
Ioncam Mótarchánach	1	1,121,969,557	1,157,566,430
Cáin Mhaoine Áitiúil	2	469,192,000	491,351,000
Maoiniú Státchiste	3	241,100,000	-
Aisíocaíocht LANPAG	4	235,923	-
Fáltais ó Infheistíochtaí		-	367,054
Muirear Teaghlaigh		-	174,163
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b><u>1,832,497,480</u></b>	<b><u>1,649,458,647</u></b>
<b><u>Caiteachas</u></b>			
<b>Údaráis Áitiúla</b>			
Leithdháilte ón gCáin Mhaoine Áitiúil	5	458,868,139	-
Forchúiteamh as ioncam a cailleadh ó rátaí ar Bhonneagar Uisce	6	46,345,050	-
Seirbhísí Uisce	7	19,555,487	21,669,308
Forchúiteamh Iasachtaí Caipitiúla le haghaidh Seirbhísí Uisce	8	15,120,073	47,377,881
Costais Glantacháin Tuilte	9	7,999,418	-
Líonra Rannpháirtíochta Pobail	10	1,124,160	-
Beartha um Chuimsiú Sóisialta	11	515,038	499,230
Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil d'Éigeandálaí	12	434,049	183,012
Maoiniú eile d'Údaráis Áitiúla	13	358,611	275,183
Íocaíochtaí Ilchuspóireacha		-	281,250,000
Feabhsúchán Limistéar Poiblí		-	2,867,888
Seirbhís do Chustaiméirí de chuid na nÚdarás Áitiúil		-	300,000
Feabhsúchán Sráidbhailte		-	300,000
		<u>550,320,025</u>	<u>354,722,502</u>
<b>An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt</b>			
Bóithre agus Bonneagar Seirbhíse Poiblí	14	355,543,000	361,943,000
Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Cheadúnas Tiomána agus Feithiclí	15	12,500,000	12,500,000
		<u>368,043,000</u>	<u>374,443,000</u>
<b>An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil</b>			
Rialtas Áitiúil: Nuálaíocht agus Athchóiriú	16	4,058,857	3,078,085
Riarachán an Mhuirir Teaghlaigh	17	136,972	186,926
Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas	18	5,000	5,000
		<u>4,200,829</u>	<u>3,270,011</u>
<b>Eile</b>			
Státchiste	19	481,000,000	520,000,000
Fóirdheontas d'Uisce Éireann	20	399,000,000	439,122,119
Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil d'Éigeandálaí	21	150,616	-
An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta	22	116,865	47,192
Riarachán an Mhuirir Teaghlaigh	23	116,531	-
Tionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla	24	72,000	66,000
Ilghnéitheach	25	28,939	67,023
		<u>880,484,951</u>	<u>959,302,334</u>
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b><u>1,803,048,805</u></b>	<b><u>1,691,737,847</u></b>
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		<b><u>29,448,675</u></b>	<b><u>(42,279,200)</u></b>

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 3 go 5 agus Nótaí 1 go 29.

Síniú

  
John McCarthy  
Ard-Rúnaí

Dáta




## An Ciste Rialtais Áitiúil

### Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2015

		<u>2015</u>	<u>2014</u>
	<u>Nótaí</u>	€	€
<b><u>Sócmhainní Airgeadais</u></b>			
Infheistíochtaí	26	57,948,283	27,271,540
<b><u>Sócmhainní Reatha</u></b>			
Banc		3,937,972	12,275,992
Mótarcháin atá dlite	27	6,227,267	6,909,064
Cáin Mhaoine Áitiúil atá dlite	28	<u>15,871,000</u>	<u>7,771,000</u>
		<u><b>83,984,522</b></u>	<u><b>54,227,596</b></u>
 <b><u>Dlíteanais Reatha</u></b>			
Creidiúnaithe éagsúla	29	2,318,988	2,010,737
<b>Glansócmhainní</b>		<u><b>81,665,534</b></u>	<u><b>52,216,859</b></u>
<b>Arna léiriú le</b>			
Cúlchistí amhail an 1 Eanáir		52,216,859	94,496,059
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		29,448,675	(42,279,200)
<b>Cúlchistí amhail an 31 Nollaig</b>		<u><b>81,665,534</b></u>	<u><b>52,216,859</b></u>

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 3 go 5 agus Nótaí 1 go 29.

Síniú

  
John McCarthy  
Ard-Rúnaí


Dáta



## An Ciste Rialtais Áitiúil Ráiteas ar Shreafaí Airgid amhail an 31 Nollaig 2015

	<u>2015</u>	<u>2014</u>
	€	€
<b><u>Réiteach barrachais/easnaimh chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</u></b>		
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain	29,448,675	(42,279,200)
Toradh ar Infheistíocht	-	(367,054)
Laghdú/(Méadú) ar Fhéichiúnaithe	(7,418,203)	(9,142,421)
(Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe	308,251	1,996,572
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>22,338,723</u>	<u>(49,792,103)</u>
<b>Ráiteas ar Shreabhadh Airgid</b>		
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	22,338,723	(49,792,103)
<b>Toradh ar Infheistíochtaí agus Fónamh a Dhéanamh ar Airgeadas</b>		
Toradh ar Infheistíocht	-	367,054
(Laghdú)/Méadú ar Airgead Tirim	<u>22,338,723</u>	<u>(49,425,049)</u>
<b><u>Réiteach glansreafaí airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí</u></b>		
<b>Athruithe ar Ghlan-Chistí de bharr Sreabhadh Airgid</b>		
Glanchistí amhail tús na Bliana	39,547,532	88,972,581
Glanchistí amhail deireadh na Bliana	61,886,255	39,547,532
(Laghdú)/Méadú ar Airgead Tirim sa Bhliain	<u>22,338,723</u>	<u>(49,425,049)</u>

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 3 go 5 agus Nótaí 1 go 29.

Síniú   
John McCarthy  
Ard-Rúnaí

Dáta 

## Nótaí leis an gCuntas

### 1. Ioncam Mótarchánach

Léiríonn an figiúr seo cáin ar mhótarfheithiclí, agus táillí agus dleachtanna ilghnéitheacha a bhailigh Údaráis Mhótarchánach, agus lamháltas déanta acu d'aisíocaíochtaí.

	2015	2014
	€	€
Ioncam comhlán	1,123,980,677	1,159,020,636
Lúide Aisíocaíochtaí	(2,011,120)	(1,454,206)
Glanioncam	<u>1,121,969,557</u>	<u>1,157,566,430</u>

### 2. Cáin Mhaoine Áitiúil

Léiríonn an figiúr seo fáltas a íocadh isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil ón Státchiste, atá comhionann le méid na Cánach Maoine Áitiúla (lena n-áirítear aon ús arna íoc uirthi sin) arna híoc isteach sa Phríomh-Chiste i rith 2015 de réir Alt 157 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012.

### 3. Maoiniú Státchiste

Léiríonn an figiúr seo an íocaíocht ó airgid a chuir an tOireachtas ar fáil de réir Alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú ag Alt 17 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009. Cinneann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an tsuim gach bliain, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### 4. Aisíocaíocht LANPAG

Bhunaigh lucht bainistíochta údarás áitiúil agus ceardchumann Grúpa Comhairleach Comhpháirtíochta Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil (LANPAG), go comhpháirteach, in 1999 faoi théarmaí an chomhaontaithe comhpháirtíochta náisiúnta – Comhpháirtíocht 2000. Le deich mbliana anuas, rinne sé comhordú agus thug sé tacaíocht do chur chun feidhme na dtionscnamh agus na gclár comhpháirtíochta atá ceaptha chun comhpháirtíocht a chur chun cinn mar mheicníocht roghnaithe le haghaidh réiteach díospóide agus cur chun feidhme an chláir oibre um athrú agus nuachóiriú i ngach údarás áitiúil. Tá LANPAG i láthair na huaire ar tí aistriú chuig Grúpa Monatóireachta Faisnéise agus Comhairliúcháin na nÚdarás Áitiúil, a fuair formhuiniú ó Bhord LGMA i mí an Mhárta 2016. Tugadh maoiniú €235,923 nár úsáideadh ar ais de réir an chomhaontaithe maidir le feidhmiú LANPAG.

## Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

### 5. Leithdháiltí ón gCáin Mhaoine Áitiúil

Léiríonn an figiúr seo íocaíochtaí a rinneadh le húdaráis áitiúla maidir leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 de réir Chinneadh an Rialtais an Cháin Mhaoine Áitiúil a choinneáil go háitiúil. Bhí na leithdháiltí bunaithe ar ioncam réamh-mheasta ón gCáin Mhaoine Áitiúil in 2015 agus €72.8 milliún in asbhaintí a bhain le pinsin a choinnigh údaráis áitiúla in 2015 chun críocha ilchuspóirí (€74 milliún in 2014). D'aontaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis sin. Cuireadh san áireamh freisin sna leithdháiltí na cinntí a rinne 14 chomhairle rátaí na cánach a laghdú ina gceantair faoi seach. Tá na leithdháiltí den Cháin Mhaoine Áitiúil a rinneadh le húdaráis áitiúla aonair le haghaidh 2015 foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

### 6. Forchúiteamh as ioncam a cailleadh ó rátaí ar Bhonneagar Uisce

Luaitear in Alt 12 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2014 nach bhfuil maoin seirbhísí uisce poiblí inráitithe chun críocha Acht Luachála 2001. Cuireadh maoiniú ar fáil in 2015 mar chúiteamh do na húdaráis áitiúla as an easnamh faoi seach ina gcuid buiséid mar gheall ar an bhforáil sin sa reachtaíocht.

### 7. Seirbhísí Uisce

Léiríonn an figiúr seo forchúiteamh caiteachais a rinne údaráis áitiúla le grúpscéimeanna uisce don scéim fóirdheontais i leith na gcostas oibriúcháin a bhain le huisce a sholáthar le haghaidh úsáid teaghlaigh. Cuimsíonn sé freisin cúnamh airgeadais a cuireadh ar fáil d'íoc na gcostas a thabhaigh na húdaráis áitiúla maidir le riarachán an Chláir Uisce Tuaithe dhéabhlóidithe. B'ionann costas na nGrúpscéimeanna Uisce in 2015 agus €19.6 milliún (€21.7 milliún in 2014).

### 8. Forchúiteamh Iasachtaí Caipitiúla le haghaidh Seirbhísí Uisce

Chinn an Rialtas i mí na Bealtaine 2014 nach n-aistreofaí na hiasachtaí a bhaineann le huisce a bhí ag na húdaráis áitiúla chuig Uisce Éireann agus rinne foráil go n-íocfaí as na hiasachtaí sin ón gCiste Rialtais Áitiúil. Bhí an tsuim a forchúitíodh leis na húdaráis áitiúla in 2015 (€15.12 milliún) bunaithe ar thuairisceáin a fuarthas ó gach údarás áitiúil inar léiríodh gach iasacht chaipitiúil a bhain le cúrsaí uisce (gan iasachtaí na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe san áireamh), agus íocaíocht na príomhshuime agus an úis a bhaineann leis sa bhliain.

## Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

### 9. Costais Glantacháin Tuilte

I mí na Nollag 2015, rinne an Rialtas socrúithe chun na hoibreacha deisiúcháin agus athchóirithe a theastaigh i ndiaidh tréimhse tuilte a mhaoiniú agus a chur ar fáil. Mar gheall ar an obair eisceachtúil ab éigean d'údarás áitiúla a dhéanamh i ndiaidh na dtuilte, agus toisc nach bhféadfaí na costais a bhain leis an obair sin a bhaint as acmhainní reatha, cuireadh €8 milliún ar fáil chun cuidiú leis na húdarás áitiúla costais na freagartha, an ghlantacháin agus na hoibreacha a theastaigh láithreach mar gheall ar na tuilte a tharla suas go dtí an 19 Nollaig 2015 a chumhdach.

### 10. Líonra Rannpháirtíochta Pobail

Bhí foráil san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 le haghaidh an bhoinn reachtúil a thug éifeacht don Chreat um Rannpháirtíocht Phoiblí agus Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí, agus lenar leagadh amach na meicníochtaí faoina spreagtar agus faoina dtacaítear le saoránaigh agus le pobail a bheith rannpháirteach i bpróisis cinnteoireachta an údarás áitiúil.

Tá Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí bunaithe anois i ngach limistéar údarás áitiúil. I gcás ina gcuirtear ionadaíocht phobail ar fáil ar choistí iomchuí den údarás áitiúil, amhail na Coistí Beartais Straitéisigh, na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla, etc., ní mór é sin a fháil tríd an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.

In 2015, sholáthair an Roinn maoiniú suas le €50,000 do gach Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, ar an gcoinníoll gur chuir an t-údarás áitiúil €30,000 eile leis an maoiniú sin. Cuireadh an maoiniú sin ar fáil chun cuidiú le húdarás áitiúla na struchtúir nua a chur i bhfeidhm go hiomlán agus chun oibrí acmhainní a fhostú i ngach limistéar údarás áitiúil chun tacú le rúnaíocht an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus chun gníomhaíochtaí, oiliúint, etc., a sholáthar.

### 11. Bearta um Chuimsiú Sóisialta

Léiríonn an caiteachas seo costais a thabhaigh agus a d'éiligh údarás áitiúla maidir le haonaid chuimsithe shóisialta a sholáthar agus do bhearta um chuimsiú sóisialta sna húdarás áitiúla. Tá mar aidhm leis na haonaid a chinntiú go mbíonn daoine imeallaithe agus daoine bochta níos rannpháirtí sa chinnteoireacht a théann i bhfeidhm ar a saol agus, ina theannta sin, cuimsiú sóisialta agus comhtháthú níos fearr a chur chun cinn i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear daoine faoi mhíbhuntáiste agus i mbaol míbhuntáiste go háirithe.

## Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

### 12. Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil d'Éigeandálaí

Léiríonn an caiteachas sin:

- (a) An costas a bhaineann le daoine ó na húdaráis áitiúla bheith ar iasacht leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála chun oibriú ar thograí a bhfuil tús áite faighte acu. Is bealach lárnach atá éifeachtúil ó thaobh costais í an tsamhail chomhoibrithe sin chun an t-eolas agus an taithí atá ag cleachtóirí san earnáil údarás áitiúil a chothú ar mhaithe le beartais a chur i bhfeidhm. Feictear gur rud riachtanach agus iomchuí é an socrú sin a leathnú ionas go mbeidh lucht pearsanra sheirbhís dóiteáin na n-údarás áitiúil i gceannas ar chéim chur chun feidhme tograí móra tábhachtacha.
- (b) Cuireadh bogearraí Alfresco i bhfeidhm sna húdaráis dóiteáin chun bainistiú doiciméad a éascú sa tionscadal um Bainistiú Móréigeandálaí agus CAMP (Tionscadal Móiblíú Ríomhchuidithe)/CTrí.

### 13. Maoiniú eile d'Údaráis Áitiúla

Tugtar cúnamh d'údaráis áitiúla chun na costais a bhaineann le tionscadail ilghnéitheacha a íoc mar seo a leanas:

	2015	2014
	€	€
Coiste na Réigiún	194,551	222,699
Costais Teorann an Rialtais Áitiúil	70,710	-
Treoirthionscadal CCTV do Phobal an Dúin Mhóir	50,000	-
Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin	<u>43,350</u>	<u>52,484</u>
<b>Iomlán</b>	<b><u>358,611</u></b>	<b><u>275,183</u></b>

### 14. Bóithre agus Bonneagar Seirbhíse Poiblí

Léiríonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ón gCiste chun cabhrú le húdaráis áitiúla costais a íoc a bhain le clár oibreacha i leith bóithre réigiúnacha agus áitiúla (ar tugadh Clár na mBóithre Neamh-Náisiúnta air roimhe seo) agus bonneagar iompair phoiblí. Tá cead ag an Aire íocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de bhua an Achta Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007 agus an tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011.



## **Nótaí leis an gCuntas (ar lean)**

### **15. Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Cheadúnas Tiomána agus Feithiclí**

Léiríonn sé seo an tsuim inmhuirir i leith an Chiste maidir le caiteachas a thabhaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar gheall ar Cheadúnú Feithiclí agus Tiománaithe faoi réir Alt 6(2A)(c) den Acht Rialtais Áitiúil 1998, arna leasú ag an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007.

### **16. Rialtas Áitiúil: Nuálaíocht agus Athchóiriú**

Léiríonn sé seo an caiteachas a tabhaíodh i ndáil le costas a bhaineann leis an gclár oibre éifeachtúlachta agus athchóirithe sa rialtas áitiúil. Tacaíonn sé le tionscadail ina spreagtar an nuálaíocht, ina gcuirtear chun cinn éifeachtúlachtaí i bhfeidhmiú agus i seachadadh seirbhísí rialtais áitiúil agus ina spreagtar seachadadh seirbhíse poiblí comhroinnte ar leibhéal áitiúil. Déantar iad sin a sheachadadh tríd an Oifig Bainistíochta Tionscadal.

### **17. Riarachán an Mhuirir Teaghlaigh**

Is í an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil a bhainistíonn Ionad Tacaíochta an Mhuirir Teaghlaigh. Tá ceangal dlí ar an Ionad leanúint de sheirbhísí a chur ar fáil i ndáil leis an Muirear Teaghlaigh thar ceann na n-údarás áitiúil. Costais foirne, costais TF, costais bhaincéireachta agus forchostais riaracháin den chuid is mó ab ea na costais iomlána maidir le riarachán an Mhuirir Teaghlaigh a thabhaigh an Ghníomhaireacht in 2015.

### **18. Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas**

Léiríonn sé seo íocaíocht a tugadh don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil maidir le maoiniú le haghaidh ‘Ghréasán na nOifigeach Rochtana’ tiomanta a dhéanann monatóireacht ar obair na n-údarás áitiúil agus a chabhraíonn lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht um Míchumas agus an dea-chleachtas atá ann faoi láthair.

## Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

### 19. Státhchiste

De réir Alt 6 den Acht Rialtais Áitiúil 1998, arna leasú le hAlt 44 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015, íocadh suim €481 milliún leis an Státhchiste ar iarratas an Aire

### 20. Fóirdheontas d'Uisce Éireann

San am atá thart, chuir an Ciste airgead ar fáil do na húdaráis áitiúla chun cuid dá ngníomhaíochtaí laethúla a mhaoiniú, lena áiríodh cuid de chostais na seirbhísí uisce, trí leithdháiltí Deontais Ilchuspóirigh. Mar thoradh ar thabhairt isteach na Cánach Maoine Áitiúla in 2013 agus ar bhunú Uisce Éireann, tháinig athrú mór ar an tsamhail maoinithe don rialtas áitiúil in 2014. Ag leanúint as sin, fuair Uisce Éireann fóirdheontais a cheadaigh an Rialtais in 2015 maidir le liúntas leanaí, fóirdheontas táirge agus an caidhp ar bhilleáil custaiméirí. Íocadh an fóirdheontas ar bhonn ráithiúil nuair a fuarthas na doiciméid ábhartha ó Uisce Éireann agus b'ionann iad agus €399 milliún in 2015.

### 21. Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil d'Éigeandálaí

Baineann an caiteachas le saoráid "tarraingthe anuas" i seilbh tríú páirtí chun saoráidí marbhlainne a chur ar fáil go sealadach agus chun oiliúint a chur ar údaráis áitiúla chun "An Plean Náisiúnta maidir le hOllbhásanna" a chur i bhfeidhm ar bhonn forchéimnithe.

### 22. An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta

Léiríonn an caiteachas sin an costas a bhain le feidhmiú an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta a bunaíodh i mí Iúil 2014 faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 d'fhonn maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar fheidhmíocht comhlachtaí rialtais áitiúil ó thaobh sainorduithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chur i gcrích.

## Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

### 23. Riarachán an Mhuirir Teaghlaigh

Léiríonn sé sin caiteachas chun bileog eolais maidir leis an Muirear Teaghlaigh a scaipeadh.

### 24. Tionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla

Léiríonn an caiteachas seo costais a tabhaíodh agus a éilíodh maidir le clár ceannaireachta an Fhorais Riaracháin. Dearadh an clár sin chun feidhmeannaigh a bhféadfadh ardchumas a bheith acu ar leibhéal na meán-bhainistíochta sna húdaráis áitiúla a aithint agus luas a chur faoina bhforbairt.

### 25. Ilghnéitheach

Tugtar maoiniú d'údaráis áitiúla freisin chun cuidiú leis na costais a bhaineann le tionscadail ilghnéitheacha mar seo a leanas:.

	2015	2014
	€	€
Comhairle um Sheirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil	28,939	66,036
Tús Áite do na Daoine – Cur i bhfeidhm	-	987
<b>Iomlán</b>	<b><u>28,939</u></b>	<b><u>67,023</u></b>

## Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

### 26. Infheistíochtaí

	2015	2014
	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	27,271,540	83,269,515
<b>Fáltais</b>		
Mótarcháin	1,130,989,374	1,149,422,082
Cáin Mhaoine Áitiúil	461,092,000	456,847,000
Maoiniú Státchiste	241,100,000	-
Aisíocaíocht LANPAG	235,923	-
Muirear Teaghlaigh	<u>-</u>	<u>374,163</u>
	1,833,417,297	1,606,643,245
Toradh ar Infheistíocht	<u>-</u>	<u>367,054</u>
	<b>1,860,688,837</b>	<b>1,690,279,814</b>
<b>Íocaíochtaí</b>		
Údaráis Áitiúla	(550,011,774)	(354,722,502)
An Roinn Iompair,	(368,043,000)	(372,443,000)
Turasóireachta agus Spóirt		
An Ghníomhaireacht	(4,200,829)	(3,270,011)
Bainistíochta Rialtais Áitiúil		
Státchiste	(481,000,000)	-
Fóirdheontas d'Uisce	(399,000,000)	-
Éireann		
Eile	<u>(484,951)</u>	<u>(932,572,761)</u>
	<b>(1,802,740,554)</b>	<b>(1,663,008,274)</b>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<u><u>57,948,283</u></u>	<u><u>27,271,540</u></u>

Léiríonn na figiúirí thuas an t-airgead arna aistriú idir cuntais bainc an Chiste Rialtais Áitiúil agus a chuntas infheistíochta. Ní gá gurbh ionann é sin agus an t-airgead a tháinig isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil agus a íocadh amach as mar gheall ar ioncam agus caiteachas fabhráithe agus ar uainiú sreafaí airgid áirithe.

## Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

### 27. Mótarcháin atá dlite

Léiríonn sé seo glandliteanas na nÚdarás Mótarchánach leis an gCiste maidir le Mótarcháin amhail an 31 Nollaig 2015. Cuimsítear ann:

	2015	2014
	€	€
Mótarcháin a bhí dlite ag deireadh na bliana	3,262,435	5,775,833
Airgead Mótarchánach a bhí faoi bhealach sa chóras baincéireachta amhail deireadh na bliana	2,964,832	1,133,231
<b>Iomlán</b>	<u><u>6,227,267</u></u>	<u><u>6,909,064</u></u>

### 28. Cáin Mhaoine Áitiúil atá dlite

Gach bliain airgeadais, íocfaidh an tAire Airgeadais isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil méid a bheidh comhionann leis an gCáin Mhaoine Áitiúil (lena n-áireofar ús ar bith a íocfar uirthi sin) arna híoc isteach sa Phríomh-Chiste an bhliain sin. Léiríonn an figiúr sin méid atá comhionann le méid na Cánach Maoine Áitiúla a bhí le híoc leis an gCiste Rialtais Áitiúil go fóill ón bPríomh-Chiste amhail an 31 Nollaig 2015.

### 29. Creidiúnaithe éagsúla

Léiríonn sé seo dliteanais fhabhráithe mar seo a leanas::

	2015	2014
	€	€
Costais Glantacháin Tuilte	2,236,324	-
Coiste na Réigiún	44,550	-
Cáin Shiarchoinneálach na Seirbhísí Gairmiúla atá le híoc leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith na bliana 2015	28,164	10,737
Nuálaíocht Rialtais Áitiúil	9,950	-
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Bóithre agus Bonneagar Seirbhíse Poiblí)	-	2,000,000
<b>Iomlán</b>	<u><u>2,318,988</u></u>	<u><u>2,010,737</u></u>



## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Rialtais Áitiúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015. Is éard atá sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú de réir na mbeartas cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, an ráiteas ar bheartais chuntasáíochta, an ráiteas ar ioncam agus caiteachas, an ráiteas ar an staid airgeadais, an ráiteas ar shreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le linn na ráitis a ullmhú san fhormáid atá sonraithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil de réir Alt 3 den Acht Rialtais Áitiúil 1998.

### Freagrachtaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú san fhormáid atá sonraithe agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**  
Is é an fhreagracht atá ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

**Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais**  
Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh orthu seo:

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasáíochta, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí

- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

### Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léiriú ceart ar iarmhéid an Chiste an 31 Nollaig 2015 agus ar na hidirbhearta le haghaidh 2015.

Is é mo thuairim go mba leor taifid chuntasáíochta na Roinne chun iniúchadh ceart agus éasca a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasáíochta.

### Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó go dtugaim faoi deara

- aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach léirítear sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an Roinn leis na ceanglais maidir le ráitis den sórt sin a leagtar amach i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasáíochta, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

**Seamus McCarthy**  
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste  
28 Deireadh Fómhair 2016



